




European Securities and  
Markets Authority

# Treoirlínte d'údaráis inniúla agus do chuideachtaí bainistíochta GCUI

Treoirlínte um thomhas riosca agus ríomh an nochta domhanda le haghaidh cineálacha  
áirithe GCUI struchtúrtha





European Securities and  
Markets Authority

Dáta: 23 March 2012  
ESMA/2012/197GA

## Clár Ábhair

I. Scóip	3
II. Sainmhínithe	3
III. Cuspóir	3
IV. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe	4
V. Treoirlínte um thomhas riosca agus ríomh an nochta domhanda do chineálacha áirithe GCUI struchtúrtha	4

## I. Scóip

1. Baineann na treoirlínte seo le *húdaráis inniúla* agus le *cuideachtaí bainistíochta GCUI*.

## II. Sainmhínte

2. Chun críocha na dtreoirlínte seo, is í an bhrí atá sonraithe sa tábla thíos atá ag na téarmaí a bhfuil cló iodálach orthu.

<i>Údaráis inniúla</i>	Údaráis ainmnithe faoi Airteagal 97 de <i>Threoir GCUI</i>
<i>Cuideachta bhainistíochta GCUI</i>	cuideachta, arb é atá i gceist lena gnó rialta ná GCUI a bhainistiú i bhfoirm comhchistí nó cuideachtaí infheistíochta (comhbhainistíocht punainne ar GCUI)
<i>Treoir GCUI</i>	Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 faoi chomhordú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfeistíochta in urrúis inaistrithe (GCUI) (athmhúnú)
<i>Treoirlínte Ginearálta</i>	Treoirlínte um Thomhas Riosca agus Ríomh an Nochta Domhanda agus an Riosca Contrapháirtí le haghaidh GCUI arna bhfoilsíú ag Coiste na Rialtóirí Urrús Eorpach (Tag. CESR/10-788)
<i>ESA</i>	an tÚdarás Eorpach Urrús agus Margáí

## III. Cuspóir

3. Forlíonann na treoirlínte seo na riachtanais le haghaidh ríomh an nochta domhanda a bhaineann le hionstraimí díorthacha in Airteagal 51(3) de *Threoir GCUI* agus Airteagail 40 go 42 de *Threoir an Choimisiúin 2010/43/EU*. Bhí CESR den tuairim gur chóir na forálacha seo a fhorlíonadh le treoirlínte níos mionsonraithe maidir le ríomh an nochta domhanda, d'fhonn cás a sheachaint ina mbeadh éagsúlacht shuntasach le tabhairt faoi deara sa mhodh ríomha úsáidte ag GCUI ag brath ar rialacha an Bhallstáit baile. Ba é seo a bhí mar bhonn le glacadh leis na *Treoirlínte Ginearálta* i mí Iúil 2010.
4. Is é cuspóir na dtreoirlínte seo ná cineálacha éagsúla GCUI struchtúrtha a sholáthar mar atá sonraithe i dtreoirlíne 1 mar aon le réim roghnach le haghaidh ríomh an nochta domhanda ag baint úsáide as cur chuige bunaithe ar ghealltanais.

#### IV. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

##### Stádas na dtreoirlínte

5. Tá treoirlínte a eisíodh faoi Airteagal 16 de Rialachán ESMA sa doiciméad seo<sup>1</sup>. De réir Airteagal 16(3) den Rialachán, ní mór d'údaráis inniúla agus do rannpháirtithe an mhargaidh airgeadais gach iarracht a dhéanamh chun na treoirlínte seo a chomhlíonadh.
6. Sonraítear sna treoirlínte dearcadh *ESMA* maidir le cleachtais oiriúnacha mhaoirseachta laistigh de Chóras Eorpach na Maoirseachta Airgeadais nó an chaoi ar cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse faoi leith. Dá bhrí sin, bíonn *ESMA* ag súil go gceolfadh na húdaráis inniúla agus rannpháirtithe an mhargaidh airgeadais ar fad lena mbaineann na treoirlínte, leis na treoirlínte sin mura gcuirtear a mhalairt in iúl. Ba cheart d'údaráis inniúla lena mbaineann na treoirlínte, cloí leis na treoirlínte sin trí a leithéid a áireamh mar chuid dá gcleachtais mhaoirseachta, lena n-áirítear sa chás go bhfuil treoirlínte áirithe sa doiciméad dírithe go príomha ar rannpháirtithe an mhargaidh airgeadais.

##### Riachtanais tuairiscithe

7. Ní mór d'údaráis inniúla a chur in iúl do *ESMA* cibé an bhfuil nó nach bhfuil na treoirlínte seo á gcomhlíonadh acu nó an bhfuil sé beartaithe acu na treoirlínte a chomhlíonadh, nó cúiseanna a thabhairt maidir le neamhchomhlíonadh, 2 mhí i ndiaidh an dáta foilsithe ar a dhéanaí.
8. Ní gá do *chuideachtaí bainistíochta GCUI* a thuairisciú cibé an bhfuil nó nach bhfuil na treoirlínte seo á gcomhlíonadh acu.

#### V. Treoirlínte um thomhas riosca agus ríomh an nochtadh domhanda do chineálacha áirithe GCUI struchtúrtha

9. Féadfaidh GCUI a bhfuil na critéir i mír 10 á gcomhlíonadh aige an nochtadh domhanda a ríomh trí úsáid a bhaint as an geur chuige bunaithe ar ghealltanais, ar a bhfuil cur síos i mír 11.
10. Seo a leanas na critéir:
  - a) déantar bainistiú agus struchtúru éighníomhach ar an GCUI agus é mar aidhm an dea-thoradh réamhshainithe a bhaint amach ag tráth aibíochta agus coimeádann sé i gcónaí na sócmhainní a theastaíonn d'fhonn a chinntiú gur féidir an dea-thoradh réamhshainithe a chomhlíonadh;
  - b) tá an GCUI bunaithe ar fhoirmle agus féadfar an dea-thoradh réamhshainithe a roinnt de réir líon teoranta cásanna ar leithligh atá ag brath ar luach na mbunsócmhainní agus a thairgeann dea-thorthaí difriúla d'infheisteoirí;

---

<sup>1</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Eorpach Maoirseachta (An tÚdarás Eorpach Urrús agus Margái), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CÉ ón gCoimisiún.

- c) ní féidir ach an t-infheisteoir a nochtadh do phróifíl amháin dea-thoraidh am ar bith i rith shaol an GCUI;
  - d) tá sé feiliúnach úsáid a bhaint as an gcur chuige bunaithe ar ghealltanais mar atá sonraithe sna *Treoirlínte Ginearálta* chun an nochtadh domhanda a ríomh do na cásanna aonair má chuirtear riachtanais Bhosca 1 de na *Treoirlínte Ginearálta* san áireamh;
  - e) tá tréimhse aibíochta deiridh nach faide ná 9 mbliana ag an GCUI;
  - f) ní ghlacann an GCUI le síntiúis nua ón bpobal i ndiaidh na tréimhse margaíochta tosaí;
  - g) ní mór go mbeadh an cailteanas uasta a d'fhéadfadh tarlú don GCUI nuair a athraítear an punann ó phróifíl dea-thoraidh amháin go próifíl dea-thoraidh eile teoranta do 100% den phraghas tairisceana tosaigh; agus
  - h) cloíonn tionchar feidhmíochta bhunsócmhainn shingil ar an bpróifíl dea-thoraidh nuair a aistrítear an GCUI ó chás amháin go cás eile le riachtanais éagsúlaithe na Treorach GCUI bunaithe ar ghlanluach sócmhainní tosaigh an GCUI.
11. Is é an modh ríomha a úsáidtear ná an cur chuige bunaithe ar ghealltanais mar atá sonraithe sna *Treoirlínte Ginearálta* ach atá coigeartaithe mar seo a leanas:
- a) Tá an straitéis infheistíochta bunaithe ar fhoirmle le haghaidh gach dea-thoradh réamhshainithe roinnte i gcásanna éagsúla dea-thoraidh.
  - b) Déantar na hionstraimí díorthacha airgeadais a bhaineann le gach cás a mheas d'fhonn a fháil amach an féidir an díorthach a eisiamh agus an nochtadh domhanda á ríomh faoi fhorálacha Bhosca 3 nó Bhosca 4 de na *Treoirlínte Ginearálta*.
  - c) Ar deireadh, ríomhann an GCUI nochtadh domhanda na gcásanna aonair agus é mar aidhm comhlíonadh leis an teorainn nochtadh domhanda de 100% de NAV a mheas.
12. Ní gá go mbeadh GCUI a bhfuil na critéir a shonraítear i míreanna 10 (a), 10 (b), 10 (c) agus 10 (d) thuas á chomhlíonadh aige agus a údaraíodh roimh an 1 Iúil 2011 cloí le Boscaí 1 go 25 de na *Treoirlínte Ginearálta* ar an gcoinníoll go cloíonn siad le rialacha ar bith atá sonraithe ag *údarás inniúil* a Stáit bhaile nuair a bhíonn nochtadh domhanda á ríomh.
13. Ba cheart do chuideachtaí bainistíochta GCUI a úsáideann an cur chuige maidir le nochtadh domhanda a ríomh dá dtagraítear sna *treoirlínte* seo a chinntiú go bhfuil an méid seo a leanas luaite sa réamheolaire:
- a) nochtadh iomlán maidir leis an mbeartas infheistíochta, nochtadh bunúsach agus foirmlí dea-thoraidh i dteanga shoiléir a thuigfidh an t-infheisteoir miondíola gan stró; agus
  - b) rabhadh soiléir riosca ag cur in iúl d'infheisteoirí a bhfuasclaíonn a n-infheistíocht roimh aibíocht nach mbainfidh siad tairbhe as an dea-thoradh réamhshainithe agus go bhféadfadh go mbeadh orthu déileáil le cailteanas shuntasacha.